View in browser

13 Eanáir 2022

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 80








## SCÉAL AN TSEIRBHÍS BÉILE AR ROTHAÍ Ó THEARMANN ÉANNA

Foilsíodh físeán álainn ar chuntas Facebook Tearmann Éanna le gairid a thugann léargas ar an tseirbhís béile ar rothaí a chuireann **Tearmann Éanna** ar fáil don phobal agus an tseirbhís féin a cuireadh ar fáil ar Lá Nollag 2021. Thug **RTÉ One** agus an clár faisnéise *Ear to the Ground* cuairt ar Thearmann Éanna leis an bhfíseán a thaifeadadh agus an fhoireann a chur faoi agallamh maidir leis na dúshláin a bhíonn i gceist, an t-éileamh atá ar an tseirbhís agus ar an maitheas a dhéanann an tseirbhís don phobal. Is féidir breathnú ar an bhfíseán anseo.

## PACÁISTÍ TACAÍOCHTA STAIDÉIR

Tá ***Studyclix*** ar fáil do scoláirí Ardteistiméireachta Choláiste Cholmcille, tré shocrú a rinneadh le hInstitiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo (GMIT). Chuir Forbairt Tuaithe na Gaillimhe an leabhar **Clár Scileanna Staidéir** ar fáil do dhaltaí na scoile chomh maith. Tá an leabhar lán le heolas, treoir agus comhairle faoi scileanna staidéir. Seo tuairim Éabha Ní Niaidh, scoláire Ardteiste, faoi na pacáistí anseo: "Ceapaimse go bhfuil *Studyclix* fíorúsáideach do chuile saghas scoláire, ach go háirithe scoláirí atá i mbun scrúduithe. Simplíonn Studyclix an próiseas staidéir trí chuile ábhar a roinnt ina thopaicí. Tá an leabhar an-chabhrach chomh maith, tá sé lán le leideanna agus comhairle. Thaitin an ceistneoir liom atá sa leabhar, léirigh sé cén modh staidéir is feiliúnaí dom." Is léir gur uirlis den scoth é *Studyclix* do phobal na scoile.






## FOLÚNTAS LÁITHREORA AG TG4

Tá conradh trí bliana mar Láithreoir ar Chainéal **CÚLA4** á thairiscint ag TG4. Beidh an té a cheapfar freagrach as sceideal **CÚLA4** a chur i láthair ar an teilifís agus ar na meáin shóisialta. Beidh sé de chúram ar an láithreoir seo ábhar agus leanúnachas a chur ar fáil don chainéal, cumarsáid a dhéanamh leis an lucht féachana agus iad a threorú chuig ábhar CÚLA4 agus ionadaíocht a dhéanamh thar cheann TG4 ag ócáidí pobail. Caithfidh Gaeilge den scoth, idir labhairt agus scríobh a bheith ag an láithreoir. Ní mór go mbeadh fócas dearfach agus cumas maith foirne acu, chomh maith le taithí ar ábhar físe/fuaime a chruthú do na hardáin shóisialta, taithí mhaith ar chúrsaí riaracháin agus ríomhaireachta agus a bheith in ann feidhmiú go muiníneach, éifeachtach as a stuaim féin, i dtimpeallacht spreagúil. Is féidir iarratas mar aon le físeán samplach de do chumas láithreoireachta a sheoladh chuig cv@tg4.ie roimh a 4i.n. ar an Aoine 14 Eanáir 2022.




## FIGHTING WORDS NA GAEILGE

Cuireann **Fighting Words na Gaeilge** ceardlanna scríbhneoireachta chruthaithí ar fáil, saor in aisce, do dhaoine óga, do scoileanna – idir bhunscoil agus mheánscoil - agus do ghrúpaí éagsúla. Déantar an obair seo le cabhair ó fhoireann de dhaoine deonacha, le taithí thaitneamhach, spraoíúil agus spreagúil a chur ar fáil. Chomh maith leis na ceardlanna a bhíonn á reáchtáil, tá áiseanna iontacha le fáil ar an suíomh idirlín. Tá sé le fáil anseo. Le níos mó eolais a fháil, nó le ceardlann a chur in áirithe, is féidir teagmháil a dhéanamh le bridtreasa@fightingwords.ie

## CUAN AN CHEOIL

Cuirfear tús le sraith cláracha ceoil de chuid **Stiúideó Cuan** ar an Déardaoin 20 Eanáir @ 7i.n. ar RTÉ Raidió na Gaeltachta . **Liam Ó Maonlaoí** a chuirfidh an clár i láthair agus beidh aíonna éagsúla ina chuideachta chuile sheachtain. Beidh ceoltóirí ó chuile choirneáil den tír le cloisteáil ag casadh agus i mbun comhrá le Liam maidir le ceol, cruthaitheacht agus cúrsaí an tsaoil. Cloisfear **Síle Denvir**, as Cois Fhrraige, ball den ghrúpa **Líadan** agus a fear céile **Barry Kerr** – ceoltóir, cumadóir agus dearc-ealaíontóir as Ard Mhacha ar an gcéad chlár. Beidh neart ceoltóirí eile le cloisteáil i rith na sraithe – Colm Mac Con Iomaire, Johnny Óg Connolly, Caoimhe & Séamus Ó Flatharta agus Méabh Ní Bheaglaoich & Niamh Varian-Barry ina measc. Beidh físeán den chlár le feiceáil ar líne chuile sheachtain freisin.

## CROÍ AN CHLUB



Cuirfear tús le **CROÍ AN CHLUB** ar TG4 ar an Déardaoin 13ú Eanáir @ 8i.n. Tugann an clár seo léargas ar cheithre chumann de chuid CLG timpeall na tíre ag dul i ngleic leis an bpaindéim agus iad ag filleadh ar an bpáirc imeartha i 2021. Seacht gclár san iomlán a bheas sa sraith seo de chuid **Aniar TV.** Beidh **Cumann Micheál Breathnach**, faoi stiúir Charthach Bán Breathnach le feiceáil sa gclár agus iad i mbun traenála, in iomaíocht le clubanna eile agus ag tabhairt aghaidh ar ghlúin nua imreoirí.

## RANGANNA LE TUISMITHEOIRÍ NA GAELTACHTA

Cuireadh tús le gairid le ranganna ceoil, amhránaíochta agus damhsa de chuid **Tuismitheoirí na Gaeltachta** in Ionad Splanc ar an gCeathrú Rua. Tá ranganna amhránaíochta agus ceoil á reáchtáil chomh maith le ranganna damhsa ar an sean-nós. Tá ranganna sna huirlisí seo a leanas ar fáil: giotár, méarchlár, drumaí, bosca ceoil agus feadóg. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le hAisling ag aisling@tuismitheoiri.ie nó glaoch a chur ar 091 869571/087 2461685.

## FOLÚNTAS LE EUROPUS

Tá aistritheoir á lorg ag **Europus**. Beidh an té a cheapfar lonnaithe in oifig an chomhlachta ar an gCeathrú Rua. Post bliana atá i gceist, ach d'fhéadfaí síneadh a chur leis ina dhiaidh sin. Ní mór céim sa nGaeilge a bheith ag iarrthóirí, chomh maith le sárscileanna eagrúcháin agus ríomhaireachta. Cuirfear oiliúint teanga agus ríomhaireachta ar fáil. Beidh buntáiste ag an té a bhfuil taithí aige/aici i dtionscal an aistriúcháin, chomh maith le taithí agus eolas ar theicneolaíocht an aistriúcháin nó Séala an Aistriúcháin bainte amach acu. Is féidir iarratas, chomh maith le CV a sheoladh chuig isadora@europus.ie roimh 5i.n. ar an gCéadaoin 19ú Eanáir.

## RANNTA & COMHLUADAR TEAGHLAIGH

Beidh **Rannta agus Comhluadar an tSathairn** ar siúl ar an Satharn 15ú Eanáir @ 11r.n. Seisiún fíorúil, ar an gcóras *Zoom* a bheas ann. Deis do theaghlaigh atá ag tógáil clainne le Gaeilge, a bheas sa seisiún, le taitneamh a bhaint as gníomhaíochtaí taitneamhacha agus aithne a chur ar theaghlaigh eile. Is féidir níos mó eolais a fháil faoin seisiún ach teagmháil a dhéanamh le cabrini@glornangael.ie



## SEIRBHÍSÍ LUATHBHLIANTA CNNG CHOLMCILLE

Fógraíodh le gairid go mbeidh seirbhísí luathbhlianta nua á reáchtáil i **Scoil na Tulaí** i mbliana. Tá fail anois ar chlub bricfeasta ó 8r.n. go dtí go dtéann na gasúir ar scoil chomh maith leis an tseirbhís naíonra atá ar fáil ann faoi láthair. Chomh maith leis sin, beidh seirbhís iar-naíonra ar fáil théis a 12, agus seirbhís iar-scoile freisin. Foilsíodh físeán álainn ar leathanach Facebook **Chomhar Naíonraí na Gaeltachta** le sonraí a thabhairt ar na seirbhísí seo chomh maith le camchuairt ar na stáisiúin uilig atá ann do na gasúir. Is féidir breathnú ar an bhfíseán anseo. Le clárú do na seirbhísí seo, nó le níos mó eolais a fháil is féidir teagmháil a dhéanamh tré ghlaoch ar 087 224 1488

Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

mailer lite